

## Seán Mac Criomhthain (1875–1955), Seanchaí Duibhneach

*Seaghan Mac an tSionnaigh*

Seán ‘na Cille’ Mac Criomhthain (1875–1955) from Cill Maoilchéadair in the Corca Dhuibhne Gaeltacht was one of the Irish Folklore Commission’s (IFC) most prolific informants during its thirty-six year existence from 1936 until 1971. Over one thousand individual items of tradition were collected from Mac Criomhthain in a period spanning over twenty years. One aspect of the historiographical significance of cataloguing Mac Criomhthain’s repertoire derives from the fact that the vast majority of his material he inherited from his monoglot Irish-speaking father, who was born at the beginning of the nineteenth century and had died well before the founding of the IFC, but whose material nonetheless enjoyed a measure of transmission extending well into the twenty-first century. Additionally, the significance of Mac Criomhthain’s speech from a dialectological point of view may readily be appreciated from his connection to the northeastern part of the Dingle peninsula, the sole existing comprehensive linguistic study of Kerry Irish being based exclusively on native speakers living in the extreme west of the county (Ó Sé 2000, 7). Linguistic evidence of the kind found in Mac Criomhthain’s repertoire will contribute to providing a fuller picture of West Kerry Irish as well as of the Irish storytelling tradition in general.

### Réamhrá

Os cionn míle mír seanchais a bhailigh triúr bailitheoirí éagsúla ó Sheán ‘na Cille’ Mac Criomhthain thar tréimhse ní ab fhaide ná fiche bliain. 439 mír seanchais ar fad a mhaígh an bailitheoir Seán Ó Dubhda a bheith breactha ó Chriomhthanach na Cille aige (CBÉ 1294: 87–104; Ó Súilleabháin 1999, 277), agus chuir sé roinnt den mhéid sin i gcló i saothar dá chuid fein, *Duanaire Duibhneach*, agus in *Béaloideas*. Tá roinnt eile ón gCriomhthanach i gcló i bhfoilseacháin le scoláirí eile, mar atá *Folktales of Ireland* le Seán Ó Súilleabháin, *Dán is Céad ón Leitriúch* le Mícheál Ó Ruairc, *An Blas Muimhneach* le Breandán Mac Gearailt, agus *Irische Märchen: Zum Erzählen und Vorlesen* le Frederik Hetmann. D’ainneoin gurbh é Seosamh Ó Dálaigh an té ba mhó, ba sheasmhaí agus ba bheichte a bhailigh ón gCriomhthanach, áfach, níor foilsíodh riamh dar thras-scríobh sé uaidh ach míreanna fánacha ar fad as an 558 mír

seanchais ina luaitear mar bhailitheoir é.<sup>1</sup> Bhí an Dálach i láthair, chomh maith, don seisiún taifeadta a chuir Caoimhín Ó Danachair ar bun leis ina thigh féin ar an gCill, idir an 16 Iúil agus 18 Iúil 1948. Tá toradh an tsaothair sin, ceithre cinn déag ar fad de mhíreanna seanchais (CBÉ, 1291: 6), ar marthain go dtí an lá atá inniu ann in CBÉ CT 0319.



Seán Mac Criomhthain (ar clé) agus Seosamh Ó Dálaigh, i dtigh Sheáin ar an gCill. Le caoinchead Chnuasach Bhéaloideas Éireann

Dar ndóigh, bhí taifeadtaí déanta ag Seosamh Ó Dálaigh agus Seán Ó Dubhda de bhéalaithris an Chriomhthanaigh roimhe sin, ach is le fiteáin chéaracha a bhíodar ag obair an tráth úd (Ó Dubhda 1948, 71; Tyers 1999, 13) agus níor tháinig aon cheann acu slán anuas chugainn. Ba mhór an ní é gur cuireadh ar chumas Uí Dhanachair ar deireadh taifeadadh buan a dhéanamh le Seán Mac Criomhthain i mblianta deireanacha a shaoil. Is léir go raibh an t-armheas ar an gCriomhthanach mar chainteoir, agus gur measadh gur bhain práinn len é a chur faoi thaifead – baineadh amach é trí mhí tar éis d’aonad soghluaiste taifeadta a bheith curtha ar fáil ar dtús do Chaoimhín Ó Danachair i mí Aibreáin 1948 (Briody 2007, 298). Cailleadh Seán

seacht mbliana i ndiaidh an tseisiúin taifeadta seo, ar an gcéad lá de mhí na Nollag, 1955 (Mac Gearailt 2010, 230).

### Sloinne Mhic Criomhthain

Is í 1875 is minice a thugtar mar bhliain bhreithe an tseanchaí (Mac Gearailt 2010, 230; CBÉ 1331: 552), cé go luaitear gach aon bhliain idir 1873 agus 1877 leis i bhfoinsí eile (CBÉ 1577: 194; Daonáirimh na hÉireann 1901 agus 1911).<sup>2</sup> Bhain ‘solúbthacht’ áirithe lena ainm chomh maith. Is é ‘Seán Mic Criomhthain’ a bhaist an tAthair Éigin air, más féidir géilleadh do thuiscint an tseanchaí féin ar an scéal a chloiseadh sé óna athair faoin ócáid stairiúil sin ar an mBuailtín (CBÉ 979: 51–56):

An lá a baisteadh mise, Sullivan anso thíos an t-athair baistí, agus a dheirfiúr an mháthair bhaistí. Father Éigin a bhí ann.

‘Gadé an ainm a thabharfar ar an leanbh so?’ arsa Father Éigin.

‘Seán,’ arsa m’athair.

‘Tabharfam “Seán Mic Criomhthain ó Chill Maoilchéadair” air,’ arsa é sin (CBÉ 1178: 499–539).

Focal ársa é ‘Criomhthann’, gur ‘sionnach’ ba chiall leis fadó (Bergin 1930, 95). Míniú éagsúil béaloideasúil ar shanasaíocht a shloinne a bhí ag Seán féin, áfach:

Bean a bhí ann, agus Úna ab ainm di, agus bhí mac aici, agus d’fhás sé suas ana-thapaidh. Ní fheaca éinne riamh a leithéid eile le haoirde, agus is é an ainm a baisteadh air, Cleith Úna, agus as san a tháinig na Criomhthanaigh (CBÉ 982: 11–13).

Tá de thacaíocht bhreise ag an hipitéis seoigh úd gur fhás Seán Mac Criomhthain suas le bheith ina fhear ard caol ina dhiaidh sin.<sup>3</sup> Ba iad na leaganacha galldaithe ‘John Mc Crohin’ agus ‘John Crohan’ a thug na tuairiscí daonáirimh (1901 agus 1911 faoi seach), agus ba é ‘John McCrohan’ an leagan a greannadh ar leac na huaighe i ndeireadh thiar. ‘(Mh)a(c) Criomhthainn [> Crithin] an ceart’ a d’fhógair Seán Ó Coileáin i dtaca le fear an Oileáin, fág gur ‘Ó Criomhthain ab fhearr le Tomás a thabhairt air féin i gcónaí riamh’ (Ó Coileáin, in Ó Criomhthain 2002, xvii), agus ba é Seán Criomhthain a roghnaigh an tOileánach a thabhairt ar a mhac siúd dá

réir. Idir ‘Seán Mac Criomhthain’ agus ‘Seán Ó Criomhthain’ a fhaightear i gcáipéisí Choimisiún Bhéaloideas Éireann i dtaca le príomhphearsa an ailt seo, gan aon ghaol a bheith aige le Criomhthanaigh an Oileáin ar a shon sin. Faightear, leis, ‘Seán Crithin’ mar leagan a bhí chomh cómónta mar ainm sa cheantar gur taibhsíodh an grinníú grinn seo a leanas do Bo Almqvist agus memoriam á scríobh aige ar an Dr Seosamh Ó Dálaigh, ardbhailitheoir béaloidis arbh fhearr aithne air mar ‘Joe Daly’:

Bhí de shuibhreas béaloidis ar fáil gur mhinic do Joe ag bailiú ó scéalaithe nach amháin gur chomhfheabhas dóibh ach gur chomhainm féin dóibh. Cuir i gcás, Seán Crithin ó Chom Dhineoil agus Seán Crithin na mórcháile ó Chill Mhaolcéadair (Almqvist 1993, 11).

### **Dinnseanchas na Muintire**

‘Seán Crithin’ eile arís ab ea a athair roimis, agus ‘filí na Cille’ a thug Mac Gearailt orthu mar bheirt fhiliúil. ‘Ar an gCill’ a rugadh an t-athair sa bhliain 1826 (CBÉ 1352: 343), agus a athair sin, Pádraig Mac Criomhthain, b’as Uíbh Ráthach dó dar le Seán óg:

Ó timpeall Uíbh Ráthaigh a tháinig na Criomhthanaigh. Thánadar go Mám Cúlach ar dtúis. M’athair críonna an chéad duine acu a tháinig anso. Ina chliamhain isteach a tháinig sé anso (CBÉ 1035: 432–435).

Logainm ar leith is ea Cill Maoilchéadair, agus níorbh eol don Ollamh Tomás Ó Máille a leithéid d’áitainm a bheith baistithe ar aon dúthaigh eile sa tír. Mar seo a leanas a mhínigh Ó Máille sanas an logainm in alt leis a foilsíodh in irisleabhar Chumann Seanchais Ard Mhacha:

Samhlaím leis de hipitéis go bhfuil céadar féin ina iasacht ó cèdrus “saedar” na Laidne, agus gur siombal don Chroich Chéasta é san ainm Mael Céatair/Maoil Chéadair (Ó Máille 1990, 58) ... Ar chaoi eile, isé an saedar an pháirt ba mhó is ab airde d’ámaid uile na Croiche nuair a sáif ina seasamh Í. Arís, isé an saedar an t-ámad ba mhó a bhain do cholainn [á]r dTiarna nuair a síneadh ar an gCroich é (ibid, 63).

Míniú éagsúil arís a bhí ag Seán Mac Criomhthain air mar logainm. D’eachtraigh sé do Sheosamh Ó Dálaigh, mar shampla, faoi thráthnóna a ghabh díograiseoir Gaeilge go dtí an Chill agus gur chuir sé ceist ar Sheán Mór cén bhrí a bhí le ‘Maoilchéadair’ mar mhír in ainm na háite: ‘Maol – chéad – fhear,’ arsa m’athair leis. Is dealraitheach gurb é an “chéad fhear” a cuireadh ann é’ (CBÉ 979: 64).

Le hais na seanchille luath-Éireannaí dar leasainmníodh iad is ea a tógadh an bheirt seo d’fhilí na Cille. Timpeall le dhá chéad coiscéim lastuaidh de sháipéal Chill Maoilchéadair atá Fothrach Bhreandáin (Westropp 1891, 715) agus, go deimhin, tá an suíomh luaite le Naomh Breandán chomh maith (Champneys 1910, 25). Tá an Chill féin lonnaithe i bhfoisceacht achair bhig do sháipéal Protastúnach an Chlocháin Dhuibh a dtugtaí ‘An Steeple’ nó ‘an Teampall Gallda’ air (CBÉ 1035: 330–332). Fíric stairiúil a d’fhág gurbh é ‘Dúthaigh na Súpanna’ an teideal a bhaist sagart áirithe ar an áit, nuair a d’inis athair Sheáin Mhic Criomhthain dó cárbh as dó féin (CBÉ, 968: 432-439).

Maidir leis an suíomh beacht inar mhair na Criomhthanaigh féin, tá soiléiriú le fáil sa sliocht seo a leanas as dialann a choimeád Seán Ó Dubhda de réir a chuid dualgas mar bhailitheoir de chuid an Choimisiúin:

Tá gort Uí Cow, an gort, crúb na bó, go mbíodh an ghlas ghaibhneach, an bhó a bhí ag na manaigh, ar féarach suas ó thig an Chriomhthanaigh, idir é is na gáirdíní. Is ann a fuairtheas an chloch go raibh rian crúib na bó inti, agus rian mhaide an bhithiúnaigh fé chre. Bhí rian an dá chrúb sa chloich, ach bhí ceann acu briste ag an ord sarar tugadh fé ndeara é (CBÉ 1115: 29).

Luíonn sé le céill, i bhfianaise an mhéid dhéanaigh sin, go mbeadh trácht ar an nglas ghaibhneach ó Sheán óg againn in CBÉ 967: 54–55, agus tá míreanna iomlána seanchais againn uaidh ar Chill Maoilchéadair go ginearálta, a bhuí le hobair bhailithe an Dubhdaigh (CBÉ 621: 24; CBÉ 1373: 213). Baineann tábhacht le timpeallacht an scéalaí ó thaobh an chultúir ábhartha de, agus bhaineadh Seán Mac Criomhthain úsáid fhonta as idir thigí, thoir agus thuí ina thimpeall d’fhonn déantáin éagsúla a sheiftiú dó féin. Bhí sé ‘gasta

deaslámhach’ i dtuairim Sheáin Uí Dhubhda, a thug an cuntas seo a leanas ar a chuid buanna:

Deineann sé a lán nithe timpeall a chúraim go gcaithfeadh daoine eile céardaí d’fháil chuchu. Deineann sé birdeoga, cléibheanna, úim is srathair chun móin a thabhairt ar dhrom a chapaill ón gcnoc. Chuirfeadh sé feac is cúilín i rámhainn, is fáiscefeadh iad (CBÉ 621: 190).

Deir an seanfhocal go bhfuil obair na mbeach ar cheann de na trí rud nach mbeidh tuiscint ag an duine go deo orthu, ach tá mír iomlán seanchais ón gCriomhthanach againn in CBÉ 968: 530–36 mar ar léir máistreacht a bheith aige ar an mbeachaireacht ach go háirithe:

‘Síonán’ a thugaimse ar an dtig beag a bhíonn ages na meacha. Bíonn sé déanta le tuí. Deinimse féin iad. ‘Skip’ a thugann daoine eile air ... Is é an tslí a tógtar ceann acu, nuair a éiríonn na meacha beidh an bhanríon ann, agus stadfaidh sí ar thor. Beidh ó cheann go ceann ag bailiú uirthi ansan go dtí go mbeidh amhlait mhór meach ann. ’Á dtiocfá ansan agus síonán agat, agus an tor a ghearradh agus é a bhualadh isteach fén síonán, d’fhanfaidís insa tsíonán san ... Bíonn bithiúnaigh ar chuid acu a dh’fhanann istigh ag ól na meala. Sladaí saithe a thugann siad ar cheann acu san (CBÉ 968: 530–36).

Ón dúchas mar sin a tháinig meas a bheith ag muintir na Cille ar an tírdhreach agus ar an bhfód dúchais. D’fhág an dearcadh sin go mbíodh an-leisce ar na Criomhthanaigh cur isteach in aon tslí ar a dtimpeallacht, agus tá sé seo le haithint ar an méid a dúirt Seán maidir lena bheith ag tabhairt lámh chúnta do chara leis cóiriú a dhéanamh ar uaigh i dteampall na Cille:

[Tháinig] a athair go ndéanfadh sé *repairing* ar an uaigh. Chuas féin ag cabhrú leis. Thógamair aníos an comhra. Thug m’athair íde ghráiniúil orm féin ina dhia’ san i dtaobh é a dhéanamh. Dúirt sé gur raobadh roilge é (CBÉ 966: 31–6).

Tá sliocht eile againn ó Sheán Ó Dubhda agus fianaise eile arís ar an tuiscint chéanna istigh ann ó thaobh meas a bheith ag an duine ar a thimpeallacht:

Tá cloch eile san áit chéanna agus tugtar an tAsailín uirthi ... Léimeadh Tadhg Ó Sé, seanuncail [Sheáin óig], an tAsailín i gcoinne an chnoic, is é ina gharsún ag dul ar an genoc ... Ba dhóbaire í sin a bheith briste, marbh, ag duine muinteartha don Seana-Chriomhthanach, Muiris de Lóndraigh ón Leitriúch, lá a bhí sé ag briseadh cloch ina theannta, ach stop an Criomhthanach é nuair a bhí cúpla stiall don ord tairrigthe ar an Asailín (CBÉ 1115: 29).

Tá tagairt sa mhéid sin do ghaolta a bheith ag athair Sheáin Mhic Criomhthain thoir sa Leitriúch, leis. Phós sé Máire Ní Chonchubhair, ón bhFaiche sa Chlochán, ar 2 Feabhra 1856 (Mac Gearailt 2010, 230), agus bhí deirfiúr le Máire, Caitriona, pósta i Murorgán, Bréanainn, le Jim Ó Ruairc (ibid; CBÉ 977: 260–61). Is mó tagairt don cheantar céanna atá le fáil ar feadh stór seanchais Sheáin Mhic Criomhthain dá bharr sin – ba í Caitriona thuasluaite príomhphearsa na heachtra a bhfuil insint uirthi in CBÉ 936: 404–07 faoin teideal ‘Bean Thaobh an Chnoic agus an fothram sa tig’. Sa Leitriúch atá Taobh an Chnoic, agus tá sé suimiúil nach ‘Conchubharaigh’ ach ‘Cathaíoraigh’ a thugadh Seán Mac Criomhthain ar a ghaolta ón gceantar sin sna míreanna seachais seo, agus míniú ar an nós sin againn ó Sheán Ó Dubhda in *Duanaire Duibhneach*:

Bhí leasainn ar gach treibh des na Conchubharaigh, mar do bhí a lán treabh acu ann. Na Guistí an treibh gur díobh an file. Seachas na Guistígh, bhí Cathaoirigh,<sup>4</sup> na Ladhraigh, na Bánaigh, na Mantaigh, na Gaibhnigh, na hAodhanaigh, is mar sin dóibh, ar fuaid Chorca Dhuibhne, ach táid na hainmneacha san ag dul as aithne anois (Ó Dubhda 1933, 85).<sup>5</sup>

Bhí cuntas ag Seán Ó Dubhda ar oíche ar ghabh athair an Chriomhthanaigh go dtí an Faiche ar thuirisc Chathaíoraigh an Leitriúigh, ach gur bhuail sé le ‘bean snímh ann ná raibh a sárú sa Leitriúch chun amhrán’. Ba ghearr go raibh sé ina chomórtas idir an bheirt amhránaithe:

I gcaitheamh na hoíche dhóibh, do bhuail dream éigint geallchart fuiscí síos as an mbanabhraisigh, agus as an gCriomhthanach, féachaint cé acu ba mhó go raibh amhráin acu ... Ar deireadh thiar,

nuair a bhí gach gleann fuirsithe, do thairrig an Criomhthanach bhéarsaí as amhrán eile, Drom Eanaigh:

‘Cnoicín Ard Phádraig, go brách ná tabhair liomsa,  
ná an Garráinín gránna, ná fásann an dair chumhra ann,  
marab ionann is Drom Éanaigh na mbánlag,  
mar ar gnáthach fir ag súgradh,  
agus coillte ar bhruach na trá ann,  
mar a mbíonn bláth ar chrannaibh cumhra.’

Bhuaigh sé uirthi, agus is gránna an tsúil a chas sí mar nár buadh go dtí san uirthi. Chuir sí go beilt an chláimh é (CBÉ 1115: 22).

Bhain na daoine seo leis ‘an slios thoir thuaidh de Chorca Dhuibhne’ mar a raibh ‘trá tubaisteach dulta ar an nGaeilge sa cheantar’ agus ‘lúb sa tslabhra briste’ faoi theacht an fhichiú aois, dar le Seán Ó Dubhda arbh as an áit dó féin (1933, 141). Bhí Cnoc Bréanainn ina sheasamh go dána mar bhacainn idir an Chill agus an slios thoir thuaidh úd, ach leis an ngaol fola a bhí aige féin leis an áit de bharr a ‘mhuintir chríonna-sa thíos i bhFatha’ (CBÉ 936: 547–49), bhí eolas ag Seán na Cille ar cheantar breac-Ghaeltachta an Leitriúigh, agus aithne aige ar na scéalaithe a bhí suas ann lena linn: ‘Bhí fear thíos ar ché an Leitriúigh fadó, agus is dealraitheach go raibh sé go maith as. Is dócha gur chualais Seán Jack ag eachtraí air nuair a bhís thíos ann’ (CBÉ 1035: 303–13).

Bhí roinnt de cheathrúna an Léitriúigh ag Seán óg féin i measc an stóir mhóir amhrán a bhí aige. An méid dar bhailigh Seán Ó Dubhda uaidh de stór amhrán an Leitriúigh, bhí sé ina fhianaise thábhachtach do Mhícheál Ó Ruairc, fear léinn eile ón taobh céanna tíre, agus *Dán is Céad ón Leitriúch* (1998) á chur in eagar aige, mar shampla. Is iad ‘Aithris Guistí’ (Ó Ruairc 1998, 15), ‘Amhrán Ghuistí i bPríosún Thrá Lí’ (ibid, 18–19), agus ‘Agallamh an dá mhada rua’ (ibid, 27–29) na hamhráin a leag Ó Ruairc ar Sheán Mac Criomhthain sa saothar sin (ibid, 135–42). Óna athair a fuair sé na hamhráin, maille le formhór eile don ábhar a bailíodh uaidh, agus bhí oiread tábhachta leis an amhránaíocht i saol a athar gur fágadh gan beann é siúd ar phiseog áitiúil an-suaithinseach i gcoinne amhrán a rá istoíche:



Dúirt a mháthair leis agus é ag imeacht gan é a bheith dhon mhí-ádh orthu aon amhrán a rá, ná raibh sé ceart aon amhrán a rá istoíche. Ar a shon san, nuair a bhraith m'athair an chéad doras á oscailt, shéid sé suas amhrán (CBÉ 1035: 325–27).

### **‘Filí na Cille’ agus an Amhránaíocht**

Idir shólás agus shásamh a thugadh na hamhráin don athair, agus dealraíonn sé gurbh é an freagra a bhíodh aige ar aon tubaiste a bhaineadh dó ná amhrán meidhreach éigin a shéideadh suas dó féin. Bhí fianaise ag an mac ar an méid sin:

Tháinig rud éigin ar an gcráin, agus cailleadh í, agus cailleadh an dá cheann déag do bhanbhaí. Ansan amuigh sa tseana-thig a bhí m'athair an uair sin, agus nuair a ghaibh duine dos na comharsain isteach tráthnóna, agus an chráin, agus na banbhaí curtha i bpoll talún aige, nuair a ghaibh Peaidí Sullivan isteach, bhí sé istigh roimis ar a chathaoir, agus a chos ar a leathghlúin aige, agus scol amhráin á chasadh aige. ‘Mhuise, is ait an duine bocht tú,’ arsa Peaidí Sullivan, ‘nú cad é an sórt aigne atá agat, agus do chuid imithe, agus tú ag amhrán?’ (CBÉ 936: 435–36).

Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur cailleadh a bhean chéile, Máire, leis. Dealraíonn sé ó roinnt den seanchas atá againn, a bhúí le Breandán Mac Gearailt, gur ar ghuailibh fear a aistríodh corp Mháire go Barr na Conrach, turas sé chiliméadar déag ón gCill, agus thug gasra eile ón Leitriúch í go dtí an Clochán mar ar adhlacadh í (Mac Gearailt 2010, 230). Tá mír seanchais againn ó Sheán óg ar an mbás anabáí a bhain dá mháthair (cf. CBÉ 979: 150–52) agus, ar chuma na cránach lena cuid banbhaí sa mhír thuas, níorbh fhada i ndiaidh bhás Mháire ach an oiread a mhair aon duine dá chuid deartháireacha ná deirfiúracha, faoi mar is róléir ón gcuid eile den chuntas truamhéalach úd a thug Seán óg ar chomhrá a athar le Peaidí Sullivan:

‘Tá na leanáí fós timpeall orm a Pheaidí,’ ar seisean. Ar ndóthair, ní fada a bhí. Cailleadh nach aon duine clainne leis ina dhia’ san ach mise (CBÉ 936: 435–36).

Sin é a mhíníonn a thagairt do ‘na báiseanna go léir’ mar chuid den seanchas a roinn sé i dtaobh an amhráin ‘Is fada mé ar buaireamh’:

Do bhí m’athair ag rá an amhráin sin lá, gan éinne istigh ach é fhéin, d’fhonn an aimsir a chiorrú dho féin, ná beadh sé ag cuimhneamh ar na báiseanna go léir a bhí imithe. Do ghaibh fear siúl isteach, agus do sheasamh sé ag an ndoras. Nuair a bhí an t-amhrán críochnaithe aige: ‘B’fhearr liom,’ arsa an fear siúl, ‘go mbeinn istigh nuair a thosnaís é sin.’ ‘Mara bhfuil aon deabhadh mór ort,’ arsa m’athair leis, ‘suigh anso ar an gcathaoir, agus tosnódsá dhuit aríst é.’

Do shuigh an fear bocht ar an gcathaoir, agus do shín m’athair a pHíp chuige. ‘Bí á tharrac san,’ arsa é sin, ‘faid is beidh mé á rá.’ (CBÉ 968: 432).

### **Áitritheoirí Éagsúla an Tí ar an gCill**

Is léir ón gcuntas deireanach sin gur bhain idir fhéile agus uaisle íseal leis an bhfear mór amhrán seo, ainneoin ar fhulaing sé. Ba é Seán óg an duine ab óige den mhuirear, ‘deireadh an áil’, gan sa tigh ach é féin agus a athair tar éis ‘na [m]báiseanna go léir’ a d’fhulaing filí na Cille laistigh d’achar an-ghearr ama. D’fhág sé seo gurbh air a leagfaí mar chúram ‘oidhreacht luachmhar’ na Cille a chur ar aghaidh. Cúram eile a thit ar Sheán óg ná cúram an tí, sa tslí is go raibh an gnó sin á dhéanamh ‘chomh maith le bean’ aige ar deireadh, rud a thug Seán Ó Dubhda faoi deara agus é ar cuairt chucu (CBÉ 621: 190). Is cosúil ón méid a deir an Criomhthanach féin níos déanaí linn i dtaobh nósmaireachtaí na háite go mbíodh drochmheas ar a leithéid: ‘Ba é an tig cúram na mná. Bheadh drochmheas ar fhear a dhéanfadh bÁCáil ná níochán ná beiriú’ (CBÉ 981: 395). Toradh amháin ar an tubaiste a bhain dá mháthair ná gur chuir sé aithne níos fearr ar a athair, sa tslí is nár mhór ‘an t-eolas ná na scéalta is na hamhráin a bhí aigena athair ná go [raibh] aige féin’ dar le Ó Dubhda (CBÉ 621: 184). Óna chuid siblíní a tháinig roinnt eile den oidhreacht chuige, agus is deartháir leis, mar shampla, a ainmníodh mar fhoirse an scéil ‘Gile Gréine’:

Ní rabhas ach cúig mbliana ach a gcuala é sin, is tá sé agam ó shin, agus táim glan trí bliana agus trí fichid anois. Chuala age deartháir a bhí agam é (CBÉ 967: 490–500).

Ba scéalaí, leis, í a bhean chéile, Máighréad Ghromail ón Muirígh, agus is mó mír i gcartlann an Choimisiúin a luadh le Seán sa chatalóg, ach gur uaithi féin a bailíodh iad (CBÉ 979: 32–36; CBÉ, 979: 61–62; CBÉ, 979: 80–88; CBÉ, 979: 61–62; CBÉ, 970: 139–147; CBÉ, 1151: 264–65). Luadh Seán agus Máighréad araon mar fhoirse do shraith scéilíní a tógadh idir 1 Eanáir 1934 agus 21 Meitheamh 1934 ó dhuine den chlann mhór a saolaíodh dóibh, Sean Mac Criomhthain eile, ógscríobhaí na míreanna atá le feiscint in CBÉ 298: 16–30.

Mar fhreagra ar fhiosrúcháin Sheosaimh Uí Dhálaigh ar conas gur rángaigh na heachtraíthe ar fad a bheith ag “Seana-Sheán Mac Criomhthain”, is é seo a leanas a dúirt Seán óg i dtaobh a athar:

Éirim a bheith aige iontu, agus seandaoine a bheith timpeall, agus is mú áit a thugadh sé geábh, síos chuinn an Leitriúigh nú mar sin. Ní cuimhin liom aon dior oíche ná beadh duine éigint againn. Lucht siúil (CBÉ 981: 537–44).

‘Ní raibh aon teora leis an lucht siúil a bhíodh ag imeacht fadó’ a deir sé in áit eile: ‘Thagadh ana-chainteanna bhuathu’ (CBÉ 1151: 224). Is beag an t-eolas a thugadh Seán óg dúinn i leith an lucht siúil seo seachas an áit as a dtagaidís: gur ó Thiobrad Árann a thagadh duine acu (CBÉ 968: 272–75), gur gréasaí ó Chill Airne ab ea duine eile acu (CBÉ 977: 407–08), agus gur ón Leitriúch a ghabh seandúine eile chucu (CBÉ 979: 37–41). Duine eile fos acu, is é a dúirt Seán faoi ná nach raibh ‘aon fhocal [Gaeilge] aige, ach “welta gu moy”, pé brí a bhí leis’; is é an bhrí a shíl Seosamh Ó Dálaigh a bheith leis ná go mb’fhéidir ‘gur “bhfuil tú go maith” i gcanúint Chúige Chonnacht é’ (CBÉ 981: 537–44). Is annamh mar sin a luadh ainm an té a tháinig mar fhear siúil, fág as Con Coghlan (CBÉ 977: 247–48) agus Gearán Ó Drisceoil (CBÉ 977: 423–27), mar shamplaí aonair – fir ar fad, de réir dealraimh. Faisnéisí siúlach ó Shasana ab ea an Máistir Footcroft a ainmnítear go minic mar fhaisnéisí agus a bhfuil cuntas in CBÉ 936: 408–10 air.

### **Stairsheanchas Pearsanta**

Is é ‘Seana-Sheán’ féin is príomhábhar do ‘Seanchas ar Sheana-Sheán Criomhthain, seanchaí’ (CBÉ, 981: 537–544). In aois a

leathchéid a bhí Seana-Sheán nuair a saolaíodh Seán óg, agus baineann tábhacht nach beag leis an athair ó thaobh na staireolaíochta de: cainteoir aonteangach Gaeilge ab ea é a tháinig chun coinlíochta in Éirinn i bhfad roimh bhlianta an Ghorta Mhóir, ach a bhfuil iarua iníne leis ina cónaí ar an gCill fós. Is féidir a rá ar an mbonn sin go mbaineann roinnt de thábhacht Sheana-Sheáin Mhic Criomhthain mar phearsa, a bhfuil eolas againn air tríd an seanchas a bailíodh óna mhac, leis an gceangal a cheadaíonn sé idir seacht nglúin de mhuintir Chorca Dhuibhne. Fágann an caidreamh a bhí aige leis an Leitriúch agus le hoirthuaisceart Chorca Dhuibhne go bhfuil pictiúr níos iomláine de chanúint Chorca Dhuibhne le fáil ag an té a chuirfeadh suim theangeolaíoch sna téacsanna béaloidis atá againn ó Sheán óg.

Ón uair gur le linn an Ghorta Mhóir a mhair a athair agus a chlann mhór siblíneach, tá seanchas ar an nGorta ina chuid tábhachach den ábhar béil a tháinig go díreach anuas go Seán óg ón nglúin roimhe (cf. CBÉ 967: 211; CBÉ 1070: 153; CBÉ 968: 181; CBÉ 1201: 97). Ní dócha gurbh aon fhírinne shuibhachtúil é a thabhairt le fios go mbaineann tábhacht staireolaíoch le haon ábhar a tharraingíonn aird ar ghnéithe de stair na hÉireann a bhíonn i bhfolach go minic, ach a bhfuil taifeadadh orthu i bhfoinsí príomhúla an bhéaloidis, foinsí a chabhródh le cothromaíocht dhioscúrsach éigin a bhaint amach i ré seo an athbhreithnithe stairiúil. Cuirim i gcás go bhfuil cuma an chuntais chruinn ar thuairisc Sheán Mhic Criomhthain ar chuid de na huafáis a thit amach le linn an Ghorta Mhóir i gCorca Dhuibhne:

Do bhí fear ag tógaint na gclathacha san ar na cnoic. Bhí sé dhá lá gan aon ghreim a dh'ithe. Bhí sé pósta, agus aon leanbh amháin a bhí ann. An tríú lá, bhí sé ag imeacht:

“Is ea,” arsa é sin lena m[h]náoí, “bíodh an leanbh marbh agat tráthnóna go mbeidh sé agam le n-ithe.”

Is dócha gurb as a m[h]eabhair a bhí sé leis an ocra (CBÉ 1070: 153–84).

Ach má fhéachaimid ar an gclabhsúr a chuir Seán óg leis an eachtra seo, meabhraítear dúinn ná gur ‘ealaíontóir cruthaitheach é an scéalaí’ (i bhfriotal Almqvist agus Ó Cathasaigh 2010, 32) ar

deireadh. Seanscéal a dhein sé den chur síos áitiúil nuair a d'eachtraigh sé gur ghabh stróinséir go dtí an tigh le bollóg aráin, agus gur mhéadaigh ar an mbollóg chéanna de réir mar a d'iosfadh muintir an tí í (CBÉ 1070: 153–84). Dhéanfadh an deireadh fantaiseach seo beag is fiú de pé fírinne stairiúil a shamhlaigh an t-éisteoir ar dtús a bheith leis an gcuntas, sa tslí is nach léir anois an eachtra stairiúil nó ealaín bhéil atá i gceist. Tá mar a bheadh casadh éadrom á bhaint aige as scéal duaire d'fhonn a lucht éisteachta a chur ar a suaimhneas arís. Sa chomhthéacs seo, is féidir féachaint ar dheireadh an scéil seo mar léiriú ar a fheabhas a bhí Seán Mac Criomhthain mar sheanchaí agus mar fhear comhluadair.

Bhí an Criomhthanach ar dhuine de na seanchaithe ba mhó ábhar béaloidis i gCorca Dhuibhne, agus bhí níos mó ná fiche bliain ar fad ag teastáil lena stór iomlán a ríomh – ó mhí na Samhna 1928 nuair a ghabh Seán Ó Dubhda ar dtús chuige go dtí an 4 Eanáir 1951 nuair a bhailigh an Dálach go deireanach ón bpearsa Dhuibhneach ar a raibh baistithe aige ón gcéad lá ar bhuaile sé leis, ‘an seanchaí suáilceach mín macánta fáiltiúil’ (CBÉ 943: 456). Ní miste an focal ‘ealaíonta’ a chur le cur síos seo an bhailitheora, óir saothair áille litríochta iontu féin is ea gach ceann de na míreanna atá ar mairthean uaidh. Tá seanchas againn uaidh ar lá a bhreithe féin, ar na daoine gur díobh é, agus ar na dúithí go léir lenar bhain sé. Bhí grá aige do na scéalta agus na hamhráin a tháinig mar oidhreacht anuas chuige, agus tá sé sin soiléir ó na taifeadtaí fuaimne a deineadh leis, mar a gcloistear guth drámatúil in úsáid aige mar chuid dá stíl insinte. An té a éistfidh leo nó a léifidh a chuid téacsanna béaloidis, ina bhfuil eiseamláir le fáil ar chanúint thraidisiúnta Chorca Dhuibhne ar feadh an ama iontu ar fad, taibhreofar go glé dó gnéithe de shaol Sheáin, na leithinse agus na tíre trí chéile, i bhfriotail deisbhéalach faoi mar a bhíodh ar chumas na seanchaithe ab fhearr a bhí in Éirinn a dhéanamh.

## Nótaí

<sup>1</sup> Tá aistriúchán Béarla dá leagan de ‘An gabha a bhris an leathchoróin’, a thras-scriobh Seosamh Ó Dálaigh in CBÉ 966: 313, le fáil faoin teideal ‘The Blacksmith and the Horseman’ in *Folktales of Ireland* le Seán Ó Súilleabháin (1999, 253–54). Ina theannta sin, thug Pádraig de Brún téacs

iomlán ‘Fear ag lorg spáis chun cíosa’ in alt dá chuid (2001, 115–24). Sholáthair Barbara Hillers téacs iomlán ‘Triúr ar mhuintir’ (CBÉ 968: 131–32) agus aistriúchán Béarla dá cuid féin ina theannta, mar chuid den phlé a dhein sí ar chúrsaí inscne sa traidisiún Gaelach (1995, 183–85). Tugadh an téacs iomlán ‘An Slánaitheoir agus an Druncaeir’ in Ó Héalaí 2012, 229. Is le caoinchead Stiúrthóir Chnuasach Bhéaloideas Éireann a fhoilsítear sleachta as an gCnuasach anseo.

<sup>2</sup> Féach Cartlann Náisiúnta na hÉireann, Daonáirimh na hÉireann 1901 agus 1911, Mac Criomhthain, Seán: <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai000862359/> agus <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai002517852/>. Feicthe 23 Aibreán 2014.

<sup>3</sup> Cf. ‘crimthin(n)’ in eDIL a luaitear ‘cremthann’ mar leagan malartach de: <http://dil.ie/12943>, feicthe 23 Aibreán 2014.

<sup>4</sup> = Cathaíoraigh. Litriú Sheáin Uí Dhubhda atá anseo.

<sup>5</sup> Maidir leis an ngné shuimiúil seo den ainmníocht, féach, mar shampla, Ó Síocháin agus Downey 2015, 130–37.

## Tagairtí

Almqvist, Bo agus Roibeard Ó Cathasaigh (eag.). 2010. *Coiglimis an Tine: Cnuasach Seanchais agus Scéalta Bhab Feirtéar*.

Baile an Fheirtéaraigh: Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

Almqvist, Bo. 1993. ‘Seosamh Ó Dálaigh, 1909–1992.’ *Béaloideas* 60/61: 295–300.

Bergin, Osborn (eag.). 1930. *Stories from Keating’s History of Ireland*. Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann.

Briody, Mícheál. 2007. *The Irish Folklore Commission 1935–1970*. Helsinki: Finnish Literature Society.

Champneys, A. C., 1910. *Irish Ecclesiastical Architecture*. Londain: George Bell and Sons.

de Brún, Pádraig. 2001. “‘Pé rí bheas i gcoróin’”: Seán Caoch Ó Cearbhaill agus an Tiarna Talún.’ In *Northern Lights: Following Folklore in North-Western Europe*, arna chur in eagar le Séamus Ó Catháin, 115–24. Baile Átha Cliath: Preas Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.

Hettman, Frederick. 2015. *Irische Märchen: Zum Erzählen und Vorlesen*. Krummswich bei Kiel: Königsfurt-Urania.

Hillers, Barbara. 1995. ‘The Abbot of Druimenaig: Genderbending in Gaelic Tradition.’ *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 15: 175–97.

- Mac Gearailt, Breandán. 2010. *An Blas Muimhneach*, iml. 2. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Coileáin, Seán (eag.). 2002. *An tOileanach*. Baile Átha Cliath: Cló Talbóid.
- Ó Dubhda, Seán. 1933. *Duanaire Duibhneach*. Baile Átha Cliath: Clóchuallacht Fodhla.
- . 1948. ‘Díoghlaím Duibhneach’ *Béaloideas* 18: 71–113.
- Ó Héalaí, Pádraig. 2012. *An Slánaitheoir ag Siúl ar an Talamh*. An Daingean: An Sagart.
- Ó Máille, Tomás. 1990. ‘Kilmalkedar.’ *Seanchas Ardmhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society* 14(1): 58–67.
- Ó Ruairc, Mícheál. 1998. *Dán is Céad ón Leitriúch*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Sé, Diarmuid. 2000. *Gaeilge Chorca Dhuibhne*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
- Ó Síocháin, Séamas agus Liam Downey. 2015. ‘A Note on Beara Naming Patterns.’ *Béascna* 9: 130–37.
- Ó Súilleabháin, Seán (eag.). 1999. *Folktales of Ireland*. Chicago: University of Chicago Press.
- Tyers, Pádraig. 1999. *Abair Leat: Seosamh Ó Dálaigh 1909–1992*. An Daingean: An Sagart.
- Westropp, T. J., 1891. ‘Kilmalkedar’, *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 1(8): 715.

Scoláire Gaeilge is ea **Seaghan Mac an tSionnaigh** a bhain céim agus Máistreacht amach i gColáiste Mhuire Gan Smál. Chaith sé dhá bhliain mar scoláire Gaeilge ICUF i Scoil an Léinn Éireannaigh in Ollscoil Concordia, Ceanada, agus bliain eile arís mar FLTA Fulbright in Ollscoil Notre Dame sna Stáit Aontaithe. Tá sé ina cheann ar Rannóg Cheiltise Ollscoil Uppsala faoi láthair. Is suim le Seaghan an fhoclóireacht, an t-aistriúchán, agus an teangeolaíocht, agus go mór mhór an léargas a chaitheann an litríocht ar na réimsí taighde seo dá chuid. Tá dhá leabhar curtha amach aige ar an bhfoclóirí Luimníoch, T. O’Neill Lane: *Focail agus Foclóireacht T. O’Neill Lane* (Coiscéim, 2014) agus *The West Limerick Man Who Wrote a Dictionary* (Lulu.com, 2015).